An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Teastas Eorpach na Gaeilge
Scrúdú Meánleibhéal 2 (B2)

Scríbhneoireacht agus Úsáid na Gaeilge

Eochair do Scrúdú Samplach 2

Ceist 1 (30 marc) agus **Ceist 2** (30 marc): Féach samplaí agus tráchtaireacht i Meánleibhéal 2 (B2) Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora (Leagan Gaeilge anseo/ English version here).

Ceist 3 (30 marc)
- *1 marc as leagan mícheart a aimsiú.*
- *1 marc as an leagan ceart a sholáthar. Ní bhronntar an marc mura mbíonn an focal iomlán ceart ó thaobh litrithe agus gramadaí de.*
- *Cailltear **marc amháin** as leagan nach bhfuil mícheart a roghnú agus as an leagan sin a 'cheartú'.*
- *Is é 0 an marc is lú is féidir a fháil sa cheist seo.*

Uimhir na líne	***An leagan mícheart***	***An leagan ceartaithe***
1	***m'athar (sampla)***	***m'athair(sampla)***
3	beirt	bheirt
3	chaogaidí	caogaidí
5	hÉireann	hÉirinn
7	ceoil	ceol
7	cáiliúil	cáiliúla
8	go	gur
9	bhaint	bhain
10	mbliain	mbliana
10	duaiseanna	duais
11	bosca	bhosca/mbosca
11	an t-am	an ama
12	seánchara	seanchara
13	D'éirí	D'éirigh
16	mór	mhór
19	cónaí	chónaí

Ceist 4 (30 marc)
Is aistriúcháin shamplacha na haistriúcháin a thugtar thíos. Is cinnte go bhfuil bealaí eile ann le cuid de na nathanna a aistriú. Bronnfar 5 mharc ar gach abairt a aistrítear mar is ceart. Tabharfar aitheantas iomlán d'aon cheartleagan eile a chuirfidh iarrthóirí ar fáil. Ní chaillfear marcanna as mionbhotúin ar nós síneadh fada a bheith fágtha ar lár ach caillfear marcanna má bhíonn an t-iarrthóir míchúramach leis an litriú ar bhonn leanúnach.
1. "Did you finish that report yet?" "No, but I hope to have it finished by lunchtime tomorrow."

Ar chríochnaigh tú an tuairisc sin fós? Níor chríochnaigh, ach tá súil agam í a bheith críochnaithe faoi am lóin amárach.
2. I forget the name of the author but I was told that the research was carried out at the end of last year.

Déanaim dearmad d'ainm an údair ach dúradh liom/insíodh dom go ndearnadh an taighde ag deireadh na bliana seo caite.
3. The majority of people in Dublin are unhappy because of all the concerts that are taking place there during the summer.

Tá formhór na ndaoine i mBaile Átha Cliath míshásta de bharr na gceolchoirmeacha /mar gheall ar na ceolchoirmeacha go léir a bheidh/bheas ar siúl ansin le linn an tsamhraidh.
4. "Would she go abroad if she didn't find a job in Ireland?" "Yes, she probably would, after a few months."

An rachadh/imeodh sí thar lear/sáile mura bhfaigheadh / mura n-éireodh léi post a fháil in Éirinn? Is dócha go rachadh/n-imeodh i ndiaidh cúpla mí.
5. He spent approximately twelve years living in America before he returned home.

Chaith sé timpeall dhá bhliain déag ina chónaí i Meiriceá sular fhill sé abhaile.
6. Although the exams were harder in second year I got high marks because I had attended an intensive course in the Gaeltacht.

Cé go raibh na scrúduithe níos deacra sa dara bliain fuair mé/ghnóthaigh mé marcanna arda mar d'fhreastail mé ar dhianchúrsa sa Ghaeltacht.